ULYSSES 2.2

# MO LÁ BLOOM

Ainm

Scoil

Rang



**1** Inniu an 16ú Meitheamh, an mhaidin atá ann. Seo na rudaí a dhéanfaidh mé inniu...

**2** Nuair a fhéachaim amach m'fhuinneog, feicim ...

**3** Nuair a smaoiním ar mo theach, smaoiním ar...

**4** Istigh i mo cheann, feicim...

**5** Má bhím brónach, is maith liom smaoineamh ar...

**6** Bhí mé sona inniu nuair...



ANU LANDMARK MOLI BRANAR arts council chomhairle ealaíon funding the arts

**ULYSSES 2.2**

# MO LÁ BLOOM

## Treoracha / Téarmaí agus Coinníollacha do Mhúinteoirí agus Tuismitheoirí/Caomhnóirí

## CÉARD É SEO?

Tá MoLI ag iarraidh ar dhaoine óga idir 8-12 bliana d’aois (rang a 2 go rang a 6) insint dúinn faoi lá ina saol, ar an Lá Bloom seo, Déardaoin, 16 Meitheamh. Agus, a mhúinteoirí, is lá scoile é – mar sin beidh cabhair de dhíth orainn uaibhse!

Ag éirí as féachaint ar ár scannán iontach ‘You’ll See…’, ba mhaith linn cuntas a fháil ar an gcineál saoil atá ag daoine óga éagsúla ar fud an oileáin seo, agus go mbeadh a nguth agus a ndearcadh le cloisteáil ar an lá speisialta seo.

Is gníomhaíocht shimplí spraíúil é seo a spreagann daoine óga lena samhlaíocht a úsáid chun léargas a thabhairt dúinn ar a saol i láthair na huaire. Beidh scoileanna ar fud na tíre ag glacadh páirte ann, agus cuirfear na bileoga go léir i láthair mar chartlann ar líne níos déanaí i mbliana. Tá áthas orainn go mbeidh do rangsa páirteach ann!

Nóta: An dáta deiridh do bhileoga: Dé hAoine, 8 Iúil 2022.

## CONAS BHEITH PÁIRTEACH DÉARDAOIN, 16 MEITHEAMH

❶ **Féach ar an scannán le do dhaltaí!** *(30 nóim)*
Tá an compántas amharclainne Branar, atá lonnaithe i nGaillimh, tar éis leagan álainn de shaothar mór Joyce, ina n-úsáidtear preabcharachtair agus preabradhairc, a chur ar fáil do pháistí. Tá sé deartha le go mbainfidh leanaí 8+ sult as (agus daoine fásta freisin ar ndóigh!)

❷ **Líonann an múinteoir bileog an mhúinteora isteach** *(15 nóim)*
Caithfidh an bhileog seo a bheith in éineacht le do bhileoga ranga nuair a sheolann tú chugainn iad.

❸ **Líonann na scoláirí a gcuid bileoga féin isteach** *(thart ar 45 nóim)*
Tá 6 cheist sna bileoga oibre a iarrann ar dhaltaí smaoineamh ar an lá a chaitheann siad, ar shlí shamhlaíoch, ó mhaidin go hoíche. Is féidir le daltaí freagraí a scríobh, nó pictiúir a tharraingt, nó meascán den dá rud a dhéanamh. Is féidir an obair seo a dhéanamh ag amanna difriúla den lá (ag brath ar do phlean oibre).

❹ **Bailíonn an múinteoir bileog an mhúinteora agus bileoga na ndaltaí agus cuirtear isteach chuig MoLI iad.**
Seo an tslí le hiad a chur chugainn:

- Leis an bpost más féidir, má tá na háiseanna agat, is féidir na leathanaigh a scanadh agus a uaslódáil anseo: https://ulysses22.com/submit
- Molaimid gan pictiúr de bhileog a sheoladh ar an bhfón póca, mar seans go mbeadh orainn eagarthóireacht dhigiteach a dhéanamh, agus go m’bhféidir nach bhféadfaí é a chur sa chartlann inchuardaithe.
- Caithfidh na bileoga a bheith anseo Dé Céadaoin, 8 Iúil 2022, ar a dhéanaí.



ANU LANDMARK MoLI BRANAR arts council funding the arts

## AGUS AN CHÉAD RUD EILE?

Baileoimid na leathanaigh i rith an tsamhraidh agus cuirfimid le chéile iad chun cartlann a dhéanamh a mbeifear in ann é a chuardach. Beidh sé sin ar fáil san fhómhar. Cuirfimid scéala chuig gach scoil seolfar an chartlann, chuig an teagmhálaí ríomhphost a tugadh i mbileog an mhúinteora.

## CEAD – TUISMITHEOIRÍ/CAOMHNÓIRÍ, MÚINTEOIRÍ AGUS DALTAÍ

- Tuigeann gach tuismitheoir/caomhnóir a gcuireann a leanaí saothar isteach gur leis an scríbhneoir/ealaíontóir rannpháirteach agus le MoLáBloom agus aon chomhpháirtithe tionscadail a bhaineann gach ceart ar na bileoga seo, agus gur féidir leo an saothar a atáirgeadh chun an tionscadal a chur chun cinn nó é a fhoilsiú i gcomhar leis na comhpháirtithe tionscadail.
- Coimeádann MoLI agus a comhpháirtithe tionscadail an ceart gan ábhar a sháraíonn Beartas MoLI um Chosaint Leanaí agus Aosach Leochaileach a fhoilsiú. Gheofar an dá bheartas sin ag moli.ie
- Múinteoirí: Beidh múinteoirí a chuireann bileoga isteach thar ceann a gcuid daltaí freagrach as deimhniú a fháil go bhfuil cead acu ó thuismitheoirí/caomhnóirí bileoga ó leanaí faoi 18 a chur isteach.
- Tuismitheoirí a chuireann bileog isteach thar ceann a linbh, trína seoladh ríomhphoist, deimhníonn siad gurb iadsan tuismitheoir/caomhnóir an linbh, agus go dtugann siad cead bileog an linbh a fhoilsiú i bhfoilseachán digiteach.

## BEARTAS PRÍOBHÁIDEACHAIS

- Tá cúram ar MoLI do shonraí a stóráil go slán.
- Trí bhileog oibre a chur isteach chuig an tionscadal seo, glacann tuismitheoirí/caomhnóirí daltaí leis go bhféadfaidh MoLI agus a gcomhpháirtithe tionscadail do shonraí a úsáid agus “MoLáBloom” á chruthú agus focail do linbh a fhoilsiú go digiteach. Tá gach ceart ar cosaint agat mar údar/ealaíontóir nó mar thuismitheoir an údair/ealaíontóra agus ag MoLI agus ag comhpháirtithe an tionscadail.
- Ní bheidh do shonraí ar fáil do dhuine ar bith nach bhfuil údaraithe chuige. Ní bhainfear úsáid as do sheoladh ríomhphoist d’aon chuspóir eile seachas chun cumarsáid a dhéanamh leat go díreach mar gheall ar “MoLáBloom”.

(greamaigh an lipéad seo den chlúdach litreach A4 ina bhfuil do bhileoga)

**Mo Lá Bloom**
Músaem Litríochta Éireann
Ionad Joyce Naughton COBÁC
86 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath

ANU LANDMARK MoLI BRANAR arts council / chomhairle ealaíon funding the arts

# CEISTEANNA COITIANTA

- **An féidir linn saothar a chur isteach i nGaeilge nó i dteanga ar bith eile?** Is féidir le múinteoirí agus daltaí bileoga a chur isteach i dteanga ar bith. Tá na bileoga ar fáil le híoslódáil i mBéarla agus i nGaeilge araon.
- **Ní aon phrintéir sa scoil seo, an gcuirfeá cóipeanna de na bileoga chugam?** Cinnte. Seol ríomhphost chuig mybloomsday@moli.ie le rá linn nach bhfuil slí agat le bileoga a phriontáil agus cuirfimid bileoga sa phost chugat.
- **An gcaithfear an cuntas a scríobh ar an 16 Meitheamh?** Caithfidh, más féidir ar chor ar bith. Ba mhaith linn léargas a fháil ar na rudaí atá ina n-intinn ag páistí an lá sin. Más gá, líon na bileoga isteach Dé hAoine 17 Meitheamh, ag smaoineamh siar ar an lá roimhe.
- **Cad iad na scoileanna a bheidh páirteach?** Is tionscadal don oileán ar fad é seo, mar sin beidh fáilte roimh scoil ar bith ina bhfuil leanaí suas go Rang a Sé.
- **An gcaithfidh an dalta gach ceist a fhreagairt?** Ní gá, ach molaimid dóibh tabhairt faoi gach ceist.
- **An mbeidh ainmneacha ar na bileoga?** Ní bheidh aon ainm orthu má bhíonn siad le feiceáil go poiblí nó ar na meáin shóisialta, ach cuirfear ainm an mhúinteora, an ranga agus ainmneacha na ndaltaí lena gcuid bileog sa chartlann deiridh. Tá sé tábhachtach go mbeadh na daltaí in ann a mbileog féin a aimsiú sa chartlann.
- **Cá fhad a bheidh an chartlann ar oscailt don phobal?** Beidh sé ar fáil as seo amach trí láithreán gréasáin an mhúsaeim.
- **Conas ar chóir dom na bileoga a chur sa phost, agus cé mhéad a chosnóidh sé?** Ba chóir duit na bileoga a chur i gclúdach litreach A4 agus an lipéad thíos a ghreamú air. Cosnóidh sé €2.60 chun 30 bileog i gclúdach A4 a sheoladh i bPoblacht na hÉireann, agus £4.25 ó Thuaisceart Éireann.
- **An féidir scéal a chur isteach gan cead a fháil ó dhuine fásta?** Ní féidir. Caithfidh an duine fásta cead a thabhairt agus aontú leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo thar ceann an dalta, trí thicbhosca san fhoirm ar líne a thiceáil. D'fhéadfadh gur tuismitheoir, caomhnóir nó múinteoir an dalta é an duine fásta. Ní mór don duine fásta a shonraí teagmhála féin a thabhairt (ní sonraí an dalta) agus an réigiún ina bhfuil an dalta ina chónaí
- **An féidir liom tras-scríobh ar son mo linbh?** Is féidir, a fhad is nach n-athraíonn tú focal ar bith.
- **An bhfuil MoLáBloom oiriúnach do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta nó míchumas foghlama acu?** Tá a ghuth féin ag gach páiste agus níl aon dá pháiste a bhfuil an dearcadh céanna acu ar an saol. Sin go díreach atáimid ag iarraidh a chloisteáil uathu.
- **An féidir liom na freagraí a chur isteach i bhfoirm chomhad fuaime?** Is féidir. Uaslódáil an taifeadadh anseo ag https://ulysses22.ie/submit. Féach chuige go dtugann tú gach eolas sa taifeadadh, m.sh. ainm an dalta, an scoil, an rang agus freagraí an dalta. Beidh ort bileog múinteora a uaslódáil chomh maith.
- **Níor shábháil mé cóip de na bileoga, an gcuirfidh tú cóip chugam?** Is dona linn nach féidir é sin a dhéanamh. Ach beidh gach bileog ar fáil níos déanaí sa bhliain sa chartlann ar líne.
- **An féidir liom litriú a cheartú sula gcuirim bileog chugat? I**s cuma linn faoin litriú. Is féidir na bileoga a chur isteach díreach mar atá siad, gan an litriú a cheartú.

ANU LANDMARK MoLI BRANAR arts council funding the arts

# TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

1. Cuid de na Téarmaí agus Coinníollacha seo is ea gach faisnéis a shonraíonn conas dul isteach sa tionscnamh seo. Tá sé mar choinníoll rannpháirtíochta nach bhféachfar le dul thar riail ar bith agus go n-aontóidh tuismitheoirí/caomhnóirí na rannpháirtithe cloí leis na rialacha seo.

2. Is féidir bileoga a chur isteach ón 16 Meitheamh 2022.

3. Caithfidh gach bileog a bheith faighte ar an 8 Iúil 2022 ar a dhéanaí.

4. Ní ghlacfar le haon bhileog tar éis an dáta sin.

5. Glacfar le bileoga tionscadail a fhad is a bhíonn freagra tugtha ar chuid de na ceisteanna ar a laghad.

6. Agus bileoga á gcur isteach, ba chóir d'iarratasóirí, do thuismitheoirí/chaomhnóirí nó múinteoirí na n-iarratasóirí smaoineamh go cúramach ar an méid ama a bheas ag teastáil chun na ceisteanna a fhreagairt. Is faoin iarratasóir atá sé a chinntiú gur féidir na ceisteanna a fhreagairt sula mbeidh an t-am istigh.

7. Ní mór gurb é an dalta féin agus an dalta sin amháin a d'fhreagair na ceisteanna agus a rinne an obair ealaíne. Caithfidh an dalta -- nó an tuismitheoir/caomhnóir nó an múinteoir atá ag cur na mbileog isteach -- féachaint chuige nach sáraíonn aon ábhar a chuireann siad isteach cóipcheart aon tríú páirtí nó aon dlíthe.

8. Ag an té a chuireann an bhileog isteach a bhíonn an cóipcheart i ngach cás.

9. Diúltófar agus fágfar as an áireamh aon bhileoga ina ndéantar tagairt don nochtacht, don chiníochas, d'úsáid drugaí, do dhroch-chaint nó d'ábhar déistineach ar bith eile.

10. Ag an té a chuireann a (h)ainm leis an mbileog a bheith cóipcheart an tsaothair chruthaithigh. Mar sin féin, tabharfaidh na hiontrálaithe (nó tuismitheoir/caomhnóir dalta atá faoi 18 bliana d'aois) ceadúnas domhanda, neamh-inchúlghairthe agus buan do MoLI, dá mhaoinitheoirí agus dá chomhpháirtithe tionscadail chun an saothar cruthaitheach a léiriú in aon cheann dá bhfoilseacháin, dá n-ábhar poiblíochta agus dá suíomhanna Gréasáin.

11. D'fhéadfadh sé nach mbeadh tionscadal MoLáBloom indéanta mar gheall ar chúiseanna nach bhfuil smacht ag MoLI orthu agus aontaíonn na rannpháirtithe (nó a dtuismitheoirí/caomhnóirí) nach mbeidh aon dliteanas ar MoLI ná ar a chomhpháirtithe dá bharr.

12. Is ionann obair chruthaitheach a chur isteach ar MoLáBloom, agus aontú na n-iontrálaithe ( nó a dtuismitheoirí/ caomhnóirí i gcás iontrálaithe faoi 18 mbliana) go ndéanfar a gcuid faisnéise pearsanta a bhailiú, a choinneáil, a úsáid agus a dháileadh chun próiseáil agus teagmháil a dhéanamh leo faoina mbileog agus do na cuspóirí tá leagtha amach iontu sna Téarmaí agus Coinníollacha seo.

13. Féadfaidh MoLI sonraí na n-iontrálaithe a chur ar aghaidh chuig tríú páirtithe agus/nó teagmháil a dhéanamh le soláthraithe tríú páirtí ar shlí eile maidir le Tionscadal MoLáBloom nuair a bhíonn an tríú páirtí ag gníomhú thar ceann MoLI chun an tionscadal seo a riar agus/nó é a phoibliú ina dhiaidh sin, agus/nó mar atá leagtha síos sa dlí.

14. Is é tionscnóir an chláir seo Músaem Litríochta Éireann (MoLI), Ionad Joyce Naughton COBÁC, 86 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath, D02 XY43.

15. Ní ghlacann MoLI le haon fhreagracht as aon damáiste, caillteanas, dliteanais, gortú nó díomá a thabhaíonn nó a fhulaingíonn iontrálaithe a chuireann saothar cruthaitheach isteach.

16. Ní bheidh MoLI ná a chomhpháirtithe faoi dhliteanas a oibleagáidí maidir leis an gcomórtas seo a chomhlíonadh i gcás inar rud éigin lasmuigh dá smacht réasúnach is cúis leis an teip.

17. Beidh an Tionscadal MoLáBloom agus na Téarmaí agus Coinníollacha seo faoi rialú dhlí na hÉireann agus géilleann iontrálaithe do dhlínse eisiach Chúirteanna na hÉireann.



ANU LANDMARK MoLI BRANAR arts council funding the arts

ULYSSES 2.2

# MO LÁ BLOOM

## Bileog an Mhúinteora

SCOIL

SEOLADH 1

SEOLADH 2

CONTAE

ÉIRCHÓD

AINM AN MHÚINTEORA

RANG

☐ Tá toiliú tuismitheora/caomhnóra faighte agam chun na ranníocaíochtaí seo a chur isteach don tionscadal MoLáBloom, de réir théarmaí an tionscadail



ANU LANDMARK MoLI BRANAR arts council / an chomhairle ealaíon funding the arts